Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2022
(OR. fr)

7417/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0330(NLE)

ACP 33
WTO 44
COAFR 82
RELEX 382
UD 62

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13050/21 + ADD 1 - COM (2021) 637 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a ghlacadh |

1. An 21 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún a thogra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach a ghlacadh[1].

[1] 13050/21 + ADD 1.

2. Ós rud é go raibh tuilleadh plé de dhíth le Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche maidir le dréachtrialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus i Biotáillí, cinneadh an dréacht-Chinneadh ón gComhairle a roinnt ina dhá chuid ionas go bhféadfaí rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála a ghlacadh.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin an dréacht-Chinneadh leasaithe ón gComhairle agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs an 15 Márta 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a ghlacadh, mar a leagtar amach in 7222/22 + ADD 1 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san *Iris Oifigiúil*;

– a iarraidh go bhfoilseofaí Cinneadh Choiste an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche, tráth a ghlacfar é, san *Iris Oifigiúil*;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.